



ÚBE/Ceartúchán/2023/01

---

27.11.2023

---

## CEARTÚCHÁN

---

a ghabhann leis na Treoirlínte ÚBE/GL/2021/16 maidir le saintréithe cur chuige riosca-bhunaithe i leith maoirseachta ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoirí, agus na bearta atá le glacadh agus maoirseacht á déanamh ar bhonn riosca-íogair faoi Airteagal 48(10) de Threoir (AE) 2015/849 (Na Treoirlínte Maoirseachta Riosca-bhunaithe)



1. Leasaítear mír 21 mar a leanas:

Chun comhar agus malartú faisnéise a chur i gcrích go héifeachtach, ba cheart do na húdaráis inniúla na bearta agus na huirlisí comhair agus comhordúcháin uile atá ar fáil dóibh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na cinn ar ceanglaíodh ar na húdaráis inniúla sin iad a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849. Ba cheart d'údaráis inniúla iontaofacht agus leanúnachas na mbeart agus na n-uirlisí sin a áirithiú chun an riosca maidir le bearna fhéideartha faisnéise a íoslaghdú. Go sonrach, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar threoirlínte comhpháirteacha na ÚMEnna maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, <sup>1</sup>Treoirlínte ÚBE maidir le comhar agus faisnéis idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Threoir (AE) ~~2019/878~~ **2013/36**<sup>2</sup> agus faoin gComhaontú Iltaobhach idir an Banc Ceannais Eorpach agus údaráis náisiúnta inniúla de bhun Airteagal 57a(2)(b) de Threoir (AE) 2015/849.<sup>3</sup>

2. Athuimhrítear pointí (e) go q) de mhír 30 agus cuirfear tús leo le pointe a).

3. Athuimhrítear pointí (e) go k) de mhír 41 agus cuirfear tús leo le pointe a).

4. leasaítear an chéad abairt de mhír 51 mar a leanas:

Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint mhaith **ar na** rioscaí ML/TF atá i ngach earnáil faoina maoirseacht a fhorbairt, rud a chuirfidh ar a gcumas tús áite a thabhairt dá ngníomhaíochtaí maoirseachta ar fud earnálacha agus laistigh díobh agus rioscaí ML/TF a shainithint atá ábhartha d'earnáil ar leith.

5. Leasaítear fonóta 23 ar leathanach 42 mar a leanas:

~~'Treoirlínte Paipéar Comhairliúcháin~~ maidir le Dréacht-Treoirlínte ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil le bainistiú um chomhlíonadh agus ról agus freagrachtaí an Oifigigh um Chomhlíonadh AML/CFT faoi Airteagal 8 agus Caibidil VI de Threoir (AE) 2015/849.'

---

<sup>1</sup> Treoirlínte comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, 'Treoirlínte na gColáistí AML/CFT', [JC 2019 81](#).

<sup>2</sup> Treoirlínte ÚBE maidir le Comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Airteagal 117(6) de Threoir 2013/36/AE, Nollaig 2021

<sup>3</sup> [Comhaontú Iltaobhach](#) idir an Banc Ceannais Eorpach agus údaráis inniúla náisiúnta de bhun Airteagal 57a(2)(b) de Threoir (AE) 2015/849.



6. Leasaítear fonóta 24 ar leathanach 42 mar a leanas:

‘I gcomhréir, go háirithe, le mír 19 de Threoirlínte an ÚBE ~~atá le teacht~~ maidir le comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Threoir 2013/36/AE.’

7. Leasaítear mír 101 pointe b) mar a leanas:

‘b) cásanna féideartha ina gceanglaítear ar mhaoirseoirí comhoibriú le geallsealbhóirí eile mar a thuairiscítear i Roinn ~~1.4.1. 4.1.4~~ de na Treoirlínte seo agus míniú a thabhairt ar an bpróiseas maidir leis an gcaoi ar cheart an comhar sin a dhéanamh sa chleachtas;’